DÉAN DO DHÉAD FIACLA FÉIN

F TEAGHLACH



Trealamh	• Scáthán • Peann luaidhe • Bileog páipéir bán • Marla • Úll
Fíricí	Fásaimid dhá dhéad fiacla i rith ár saoil. Fuair tú fiacla ar dtús agus tú i do bháibín. Tugtar fiacla diúil orthu sin. Meas tú cé mhéad fiacail diúil a fhásann tú? Fásann tú 20 ar fad. Tosaíonn tú ag cailliúint d'fhiacla diúil ag timpeall 6 bliana d'aois. Ná dearmad d'fhiacail a chur faoin bpilliúr do na sióga! Fásann fiacla nua in áit na bhfiacla diúil. Tá na fiacla seo an-tábhachtach, mar má chailleann tú aon cheann díobh ní fhásfaidh ceann eile ina áit. Tugtar fiacla buana orthu seo. Beidh ort aire mhaith a thabhairt do d'fhiacla, nó d'fhéadfadh siad lobhadh nó fiú titim amach. Glan d'fhiacla gach maidin agus gach oíche. Bíonn suas le 32 fiacla buana againn, 16 ar barr agus 16 ar bun.
Déan líníocht de do dhéad fiacla	Úsáid scáthán chun do dhéad fiacla féin a tharraingt. Tabharfaidh tú faoi deara nach bhfuil an cruth céanna ar gach fiacail. Tuige? Tá cúram éagsúil ar fhiacla éagsúla. Bain plaic as úll agus tosaigh ag cogaint. Cad a thug tú faoi deara? Sin é, d'úsáid tú fiacla éagsúla chun plaic a bhaint agus chun cogaint. Bíonn na fiacla géara tosaigh ag teastáil chun plaic nó greim a bhaint as rud agus na fiacla atá measartha cothrom chun an chogaint a dhéanamh. Iarr ar dhuine eile sa teaghlach líníocht a dhéanamh dá bhfiacla. Cuir an dá dhéad fiacla i gcomparáid le chéile: 1. Cé mhéid fiacla atá agaibh? 2. An bhfuil an méid céanna fiacla agaibh beirt? 3. An bhfuil an cineál céanna fiacaile san áit chéanna agaibh beirt? Déan déad fiacla bréige íochtair duit féin anois!
Conas fiacla bréige a dhéanamh	1. Rolláil amach píosa marla, ar nós nathair nithe! 2. Cuir cruth U air anois. Seo é drandal do dhéad fiacla íochtair. 3. Cuir 16 poll sa drandal le peann luaidhe. Cuirfear gach fiacail sa pholl ceart. 4. Bain úsáid as an léaráid thíos a thaispeánann déad íochtair fiacla duine fásta mar chabhair chun gach fiacail a dhéanamh as marla. Nóta: grianghraf de dhéad fiacla íochtair duine fásta le cur isteach anseo.
An raibh sé seo ar eolas agat?	Níl ach ceithre fhiacail ar eilifint Afraiceach
Tomhas	Cad é an rud a bhfuil fiacla aige ach nach bhfuil in ann ithe? *Ciar!*

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Abbott
A Promise for Life